



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# **ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003**

## **GEALLTANAIS SHAMPLACHA D'ULLMHÚ SCÉIMEANNA TEANGA**

[www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-turasoireachta-cultuir-ealaion-gaeltachta-spoirt-agus-mean/](http://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-turasoireachta-cultuir-ealaion-gaeltachta-spoirt-agus-mean/)

## Clár

<b>1. CUMARSÁID Ó BHÉAL .....</b>	<b>3</b>
Fáiltiú .....	3
Duine le duine/ Seirbhís Chuntair .....	3
Lasc-chlár .....	3
Cumarsáid Ghutháin leis an bPobal .....	4
Teachtaireachtaí Réamhthaifeadta .....	4
Fógraí beo.....	4
<b>2. CUMARSÁID SCRÍOFA .....</b>	<b>5</b>
Foirmeacha larratais.....	5
Bileoga Eolais / Bróisiúir .....	5
Foilseacháin/ Treoirlínte.....	5
<b>3. NA MEÁIN .....</b>	<b>6</b>
Preaseisiúintí.....	6
Urlabhraí na Meán .....	6
Fógraíocht.....	6
Na Meán Shóisialta.....	6
Óráidí.....	6
<b>4. TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE .....</b>	<b>7</b>
Ríomhphoist .....	7
Suíomhanna Gréasáin .....	7
Córais Ríomhaireachta .....	8
Seirbhísí Idirghníomhacha.....	8
<b>5. AN GHAELTACHT .....</b>	<b>9</b>
An Ghaeltacht.....	9
Cruinnithe .....	9
Óráidí.....	9
<b>6. MODHANNA EILE CHUN INNIÚLACHT SA GHAEILGE A FHEABHSÚ.....</b>	<b>10</b>
Oiliúint.....	10
Earcaíocht.....	10
Gníomhaíochtaí Cur Chun Cinn Teanga / Acmhainní .....	10

## 1. CUMARSÁID Ó BHÉAL

<b>Fáiltiú</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Beidh eolas ag foireann an fháilitithe ar na bunbheannuithe i nGaeilge / beidh siad ábalta déileáil le an bpobal i nGaeilge / beidh siad líofa i nGaeilge.</li> <li>• Beannófar roimh chustaiméirí i dtosach báire i nGaeilge agus ansin i mBéarla.</li> <li>• Beannófar roimh chustaiméirí go dáttheangach.</li> <li>• Fógrófar ainmneacha na mball fairne atá in ann cumarsáid i nGaeilge i rannóga éagsúla oifig an chomhlachta phoiblí agus ag an bhfáiltiú.</li> <li>• Ní bheidh moill mhíchuí mar thoradh ar sheirbhísí i nGaeilge a bheith á lorg ag an bhfáiltiú. Tá socruthe in áit chun baill den phobal a chur i dteaghmháil go tapa leis an oifigeach/na hoifigigh c(h)uí atá freagrach as an tseirbhís a éileofar a chur ar fáil i nGaeilge.</li> <li>• Beidh seirbhís trí mheán na Gaeilge ar fáil ó na rannóga seo a leanas: (le sonrú).</li> <li>• Gheofar rogha teanga an chustaiméara amach agus cuirfear é/í i dtreo an oifigigh chuí. Mura mbeidh an t-oifigeach ar fáil, cuirfear na roghanna seo a leanas ar fáil: <ul style="list-style-type: none"> <li>○ glaoch ar ais nuair a bheidh Gaeilgeoir ar fáil;</li> <li>○ gnó a dhéanamh trí bhall eile fairne a chuirfidh seirbhís aistriúcháin ar fáil, nó</li> <li>○ leanúint ar aghaidh agus gnó a dhéanamh i mBéarla.</li> </ul> </li> </ul>
<b>Duine le duine/ Seirbhís Chuntair</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cinnteoimid go mbeidh ball amháin fairne in ann déileáil go héifeachtach leis an bpobal i nGaeilge.</li> <li>• Cuirfear an tseirbhís chuntair a chuirtear ar fáil i mBéarla ar fáil i nGaeilge chomh maith.</li> <li>• Cuirfear liosta chun dáta ar fáil de bhaill fairne atá in ann seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.</li> </ul>
<b>Lasc-chlár</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge.</li> <li>• Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla.</li> </ul>

	<ul style="list-style-type: none"> <li>Beidh eolas ag foireann an lasc-chláir ar na bunbheannuithe i nGaeilge agus beidh siad in ann an glao a aistriú chuig ball eile fairne atá in ann Gaeilge a labhairt.</li> <li>Cuirfear liosta chun dáta ar fáil d'foireann an lasc-chláir de na baill fairne atá in ann seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.</li> <li>Forbrófar gnáth-threoirínta chun déileáil le glaoiteoirí ar mian leo labhairt i nGaeilge agus cuirfear ar fáil iad do na rannóga éagsúla oifige.</li> <li>Beidh seirbhís ghuthán trí mheán na Gaeilge ar fáil ó na rannóga seo a leanas: (le sonrú)</li> <li>Fógrófar ainmneacha na mball fairne atá in ann cumarsáid i nGaeilge i rannóga éagsúla oifig an chomhlachta phoiblí agus ag an bhfáiltiú.</li> <li>Tá socruithe oiriúnacha in áit ionas go bhféadfaidh foireann an lasc-chláir baill den phobal a chur i dteagháil gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a theastaíonn a chur ar fáil i nGaeilge, má tá sin ar fáil.</li> <li>Beidh foireann an lasc-chláir in ann seirbhís chuimsitheach a chur ar fáil do dhuine ar bith a dteastaíonn seirbhísí trí Ghaeilge uathu.</li> <li>Cinnteoimid go gcuirfidh gach rannóg a dhéileálann leis an bpobal seirbhísí i nGaeilge ar fáil.</li> <li>Beidh an tseirbhís i nGaeilge chomh maith céanna leis an tseirbhís a chuirfear ar fáil i mBéalra.</li> <li>Beidh teachtaireachtaí gutháin dátheangacha ag baill fairne atá toilteanach seirbhís dhátheangach a chur ar fáil.</li> </ul>
<b>Cumarsáid Ghutháin leis an bPobal</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cuirfear treoir ar fáil don fhoireann ar dhéileáil le glaonna gutháin ó Ghaeilgeoirí. Beannófar roimh chustaiméirí i dtosach báire i nGaeilge agus ansin i mBéalra.</li> <li>Cuirfidh baill fairne dhátheangacha custaiméirí ar an eolas go bhfuil siad sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge má theastaíonn.</li> </ul>
<b>Teachtaireachtaí Réamhthaifeadta</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Beidh beannuithe pearsanta réamhthaifeadta gutháin na mball fairne i bhfoirm dhátheangach.</li> </ul>
<b>Fógraí beo</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Beidh xx% d'fhógraí beo dátheangach.</li> <li>Beidh gach fógra beo dátheangach.</li> </ul>

## 2. CUMARSÁID SCRÍOFA

<b>Foirmeacha iarratais</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Beidh leagan dátheangach nó Gaeilge ar fáil de na foirmeacha iarratais is mó a úsáidtear (liosta le sonrú)</li> <li>Beidh gach foirm nua iarratais ar fáil go dátheangach laistigh den chumhdach céanna.</li> <li>Beidh gach foirm nua iarratais ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.</li> <li>Beidh an Ghaeilge agus an Béarla taobh le taobh in aon cháipéis amháin i ngach iarratas a fhoilseofar.</li> <li>I gcásanna eisceachtúla, fóilseofar foirmeacha in aon teanga amháin ach le ráiteas sa leagan Béarla den fhoirm go bhfuil leagan Gaeilge den fhoirm ar fáil chomh maith.</li> <li>Beidh an leagan Gaeilge d'fhoirmeacha iarratais ar fáil sna hasraonta céanna leis an leagan Béarla.</li> </ul>
<b>Bileoga Eolais / Bróisiúir</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Beidh leagan dátheangach nó Gaeilge ar fáil de na bileoga eolais agus na bróisiúir is mó a úsáidtear (liosta le sonrú).</li> <li>Beidh xx% de na bileoga eolais agus na bróisiúir ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. Beidh an critéir roghnaithe bunaithe ar éileamh ón bpobal.</li> <li>Beidh xx% de bhileoga nua eolais agus de bhróisiúir nua ar fáil go dátheangach. Beidh an critéir roghnaithe bunaithe ar éileamh ón bpobal.</li> <li>Beidh gach bileog eolais agus bróisiúr ar fáil go dátheangach nó i nGaeilge.</li> <li>Beidh gach bileog nua eolais agus gach bróisiúr nua ar fáil go dátheangach nó i nGaeilge.</li> </ul>
<b>Foilseacháin/ Treoirínté</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Beidh xx% d'fhoilseacháin, treoirínté, srl. ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. Beidh an critéir roghnaithe bunaithe ar éileamh ón bpobal.</li> <li>Beidh gach foilseachán, treoirínté, srl. ar fáil go dátheangach nó i nGaeilge.</li> </ul>

### 3. NA MEÁIN

<b>Preaseisiúintí</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Eiseofar xx% de phreasráitis go dátheangach chuig na meáin agus é mar aidhm go n-eiseofar an t-ábhar seo go comhuaineach</li><li>• Eiseofar xx% de phreasráitis go dátheangach chuig na meáin Ghaeilge meáin agus é mar aidhm go n-eiseofar an t-ábhar seo go comhuaineach.</li><li>• Eiseofar gach preasráitis go dátheangach chuig na meáin agus é mar aidhm go n-eiseofar an t-ábhar seo go comhuaineach.</li><li>• Eiseofar gach preasráiteas a bhaineann le cúrsaí Gaeltachta nó Gaeilge i nGaeilge nó go dátheangach ag an am céanna.</li></ul>
<b>Urlabhraí na Meán</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Cuirfimid ball foirne ar fáil agus/nó oiliúint a chur ar bhall foirne, chun plé leis na meáin Ghaeilge.</li><li>• Beidh urlabhraí/urlabhairte Gaeilge ar fáil i gcomhair agallamh leis na meáin Ghaeilge.</li><li>• Cuirfear liosta reatha d'urlabhairte Gaeilge ar fáil do na meáin agus coinneofar an liosta sin chun dáta.</li></ul>
<b>Fógraíocht</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Beidh ráiteas ar gach fógra, ag cur fáilte roimh úsáid na Gaeilge.</li></ul>
<b>Na Meáin Shóisialta</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Beidh an t-ábhar ar fad a uaslódálfar ar na meáin shóisialta dátheangach.</li></ul>
<b>Óráidí</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Beidh xx% d'ábhar Gaeilge in óráidí Béarla.</li></ul>

#### 4. TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

<b>Ríomhphoist</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Foilseomaid seoladh ríomhphoist ar leith i gcomhair ceisteanna i nGaeilge ar shuíomh/suímh gréasáin an chomhlachta phoiblí.</li> <li>• Beidh gnáth-theachtaireachtaí ríomhphoist - séanadh mar shampla - dátheangach.</li> </ul>
<b>Suíomhanna Gréasáin</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Beidh an t-ábhar seasta ar an leathanach baile agus ar na príomhleathanaigh sonraithe ar shuíomh gréasáin an chomhlachta phoiblí i nGaeilge.</li> <li>• Beidh an t-ábhar seasta ar leathanach baile suíomh nua gréasáin ar bith ar fáil go dátheangach.</li> <li>• Beidh an t-ábhar seasta ar leathanach baile suíomh gréasáin tánaisteach ar bith atá ann cheana féin ar fáil go dátheangach.</li> <li>• Soláthrófar agus forfheidhmeofar córas a chinnteoidh go mbeidh an leagan Gaeilge den ábhar ar an suíomh gréasáin ar aon dul leis an leagan Béarla.</li> <li>• Beidh nascleanúint ó leathanach ar an leagan Béarla den suíomh gréasáin chuig an leathanach ábhartha ar an leagan Gaeilge.</li> <li>• Beidh an t-ábhar seasta ar an suíomh gréasáin agus ar shuíomh gréasáin tánaisteach ar bith eile de chuid an chomhlachta phoiblí ar fáil go dátheangach.</li> <li>• Beidh an t-ábhar seasta ar shuíomh nua gréasáin ar bith ar fáil go dátheangach.</li> <li>• Beidh an t-ábhar seasta ar shuíomh tánaisteach gréasáin ar bith atá ar fáil faoi láthair ar fáil go dátheangach.</li> <li>• Forbrófar leathanach Gaeilge ar an inlón agus cuimseoidh sé treoir bunúsach maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge agus infhaighteacht acmhainní teanga Gaeilge.</li> <li>• Forbrófar leathanagh Gaeilge ar an suíomh gréasáin an chomhlachta phoiblí agus coinneofar chun dáta iad.</li> <li>• Cuirfear gach suíomh gréasáin ar fáil i nGaeilge.</li> <li>• Cuirfear gach suíomh nua gréasáin ar fáil go hiomlán dátheangach.</li> <li>• Cuirfear an t-ábhar ar fad do shuíomh gréasáin tánaisteach ar bith atá ar fáil faoi láthair ar fáil go hiomlán dátheangach.</li> </ul>

<b>Córais Ríomhaireachta</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Beidh gach córas reatha ríomhaireachta comhoiriúnach don Ghaeilge.</li> <li>• Beidh córas ríomhaireachta nua ar bith a shuiteálfar ábalta déileáil leis an nGaeilge.</li> <li>• Beidh áiseanna nua cló ar bith ábalta déileáil go hiomlán leis an nGaeilge.</li> <li>• Leanfaidh an Comhlacht Poiblí ag baint úsáid ghníomhach as teicneolaíocht chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí dátheangacha.</li> <li>• Méadófar an chuid den Inlón a bhaineann leis na Teangacha Oifigiúla mar thaca agus mar acmhainn don fhoireann.</li> </ul>
<b>Seirbhísí Idirghníomhacha</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Beidh polasaí aontaithe in áit maidir leis na seirbhísí ar líne agus idirghníomhacha a bheidh ar fáil ar bhonn dátheangach.</li> <li>• Beidh seirbhísí ar bith ar líne nó idirghníomhacha a fhorbraíonn an comhlacht poiblí féin ar fáil go dátheangach.</li> <li>• Beidh seirbhísí ar bith ar líne agus idirghníomhacha a fhorbraíonn cuideachtaí seachtracha ar fáil go hiomlán dátheangach de réir fáil a bheith orthu go teicniúil.</li> <li>• Cuirfear gach seirbhís ar líne agus idirghníomhach ar fáil ar bhonn dátheangach.</li> <li>• Cuirfear gach seirbhís nua ar líne agus idirghníomhach ar fáil ar bhonn dátheangach.</li> <li>• Beidh na leathanaigh rochtana ar fad a bhaineann leis na seirbhísí ar líne agus idirghníomhacha ar fáil ar bhonn iomlán dátheangach.</li> </ul>

## 5. AN GHAELTACHT

<b>An Ghaeltacht</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>Beidh an Ghaeilge ina teanga oibre i ngach oifig atá lonnaithe sa Ghaeltacht roimh 20xx.</li><li>Beidh gach ball fairne a dhéileálann leis an nGaeltacht líofa i nGaeilge faoi 20xx.</li><li>Beidh gach ball fairne a dhéileálann leis an nGaeltacht, nó a oibríonn sa Ghaeltacht, líofa i nGaeilge faoi 20xx.</li><li>Beidh comhfhereagras a bhaineann le pobal na Gaeltachta dátheangach nó i nGaeilge amháin.</li><li>Cuirfear córas in áit chun a chinntíú gur i nGaeilge amháin, má theastaíonn sin, a bheidh an comhfhereagras le pobal na Gaeltachta.</li></ul>
<b>Cruinnithe</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>Nuair a theastaíonn, tionólfar cruinnithe sa Ghaeltacht i nGaeilge, le haistriúchán comhuaineach i mBéarla, mar is cuí.</li><li>Cuirfear fáilte roimh ionchur i nGaeilge agus i mBéarla ag cruinnithe poiblí a eagraíonn an comhlacht poiblí nó a eagraítéar thar a cheann.</li><li>Beidh cruinnithe a eagraíonn comhlacht poiblí, a bhaineann le gnóthaí Gaeilge, i nGaeilge nó dátheangach, mar is cuí.</li></ul>
<b>Óráidí</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>Is i nGaeilge amháin a bheidh gach óráid a bhaineann leis an nGaeltacht / a bheidh ar siúl sa Ghaeltacht.</li></ul>

## 6. MODHANNA EILE CHUN INNIÚLACHT SA GHAEILGE A FHEABHSÚ

<b>Oiliúint</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuirfear deiseanna ar fáil chun cumas Gaeilge na foirne a fheabhsú. I gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, déanfar socrutithe cui chun oiliúint sa Ghaeilge agus teastas tástála inniúlachta a chur ar fáil don fhoireann chun:           <ul style="list-style-type: none"> <li>○ tacú leis an bhfoireann chun a líofacht sa Ghaeilge a choimeád agus a forbairt,</li> <li>○ feabhas a chur ar chumas na foirne a n-oibleagáidí agus a riachtanais Ghaeilge i gcur i gcrích a ndualgas a chomhlíonadh, agus</li> <li>○ córas tástála inniúlachta creidiúnaithe a chur ar fáil don fhoireann.</li> </ul> </li> <li>• Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga ar nós; <a href="http://www.focal.ie">www.focal.ie</a>, <a href="http://www.focloir.ie">www.focloir.ie</a>, <a href="http://www.breis.focloir.ie">www.breis.focloir.ie</a>, <a href="http://www.abair.ie">www.abair.ie</a>, chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla UÍ Dhónaill.</li> </ul>
<b>Earcaíocht</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ar fáil do bhaill nua foirne ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe.</li> </ul>
<b>Gníomhaíochtaí Cur Chun Cinn Teanga / Acmhainní</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cinnteoidh ár leabharlann inmheánach go mbeidh leabhair agus ábhair eile i nGaeilge ar fáil mar acmhainn don fhoireann chun a gcumas Gaeilge a fheabhsú.</li> <li>• Spreagfar an fhoireann chun páirt a ghlacadh i ggníomhaíochta cultúrtha teanga.</li> <li>• Beidh an fhoireann ar an eolas faoi choinchéap an chomhaontaithe réamhghníomhaigh – ag tairiscint seirbhísí go réamhghníomhach don phobal.</li> <li>• Éascófar rochtain ar eolas maidir le hacmhainní teanga.</li> </ul>